V

(Fógairtí)

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 25/10)

Leis an bhfoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

"Cedro di Santa Maria del Cedro"

Uimh. AE: PDO-IT-02847 — 26.5.2022

STFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Cedro di Santa Maria del Cedro"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. ***An cineál táirge***

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Sonraíonn STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro" an toradh citris tipiciúil, nó *hesperidium*, an ciotrón mar a thugtar air – na cineálacha "liscia-diamante", "italiana" nó "calabrese" de speiceas luibheolaíoch an chrainn ciotrón, L (treibh Auriantaceae, fine Rutaceae, ord Terebintae) – a fhástar laistigh den limistéar a shainmhínítear i bpointe 4 thíos.

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag ciotróin STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro":

— craiceann tiubh, tathagach, teann, mín atá liopach agus easnach uaireanta, agus glan ó mhíchumaí eipeacairp;

— forchraiceann glas (flavedo), a athraíonn go buí líomóide nuair atá sé aibí;

— laíon bán an-tiubh taobh istigh (ailbéideacht) (íosmhéid 51 %, uasmhéid 85 % i dtrasghearradh airmheánach na dtorthaí);

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

— ní mór na ciotróin a bheith teann;

— cruth ubhach éileapsóideach fadaithe le rinn chnaptha;

— bonnchuas eitreach a bhfuil scrogall íseal timpeall air;

— saor ó aon ábhar coimhthíoch sofheicthe;

— saor ó mhíchumaí, ó chlogadh nó ó scoilteanna ar an eipeacarp;

— meáchan is mó ná 600 g (Aicme I) nó idir 250 g agus 600 g (Aicme II);

— boladh láidir aramatach, gan aon rian múscáin nó aon bholadh mínormálta;

— blas láidir, atá beagáinín géar;

— laíon ar dhath éadrom buí nó glas.

3.3. ***Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)***

—

3.4. ***Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe***

Na céimeanna uile a bhaineann le "Cedro di Santa Maria del Cedro" a tháirgeadh, ní mór dóibh tarlú sa limistéar dá dtagraítear i bpointe 4.

3.5. ***Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Toisc go bhféadfaí damáiste a dhéanamh don táirge trí thionchar le linn a iompair, ní mór an láimhseáil iarbhuainte uile, lena n-áirítear ullmhú agus pacáistiú, a dhéanamh go heisiach i saoráidí atá lonnaithe sa limistéar dá dtagraítear i bpointe 4 thíos.

3.6. ***Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar phacáistíocht "Cedro di Santa Maria del Cedro" in éineacht leis an bhfaisnéis éigeantach a éilítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm:

— lógó STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro";

— siombail STFC an Aontais;

— seoladh na saoráide pacáistithe;

— ainm, ainm gnó agus seoladh an táirgeora agus/nó an phacáisteora;

— an aicme thráchtála ("I" nó "II").

Is mar a leanas atá lógó STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro":



Féadfar greamáin a ghreamú de na torthaí úra aonair. Ní mór lógó STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro" a bheith ar an ngreamán.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar táirgthe STFC "Cedro di Santa Maria del Cedro" críoch riaracháin na mbardas seo a leanas laistigh de chúige Cosenza: Aieta, Belvedere Marittimo, Bonifati, Buonvicino, Cetraro, Diamante, Grisolia, Mairà, Orsomarso, Papasidero, Praia a Mare, Sangineto, San Nicola Arcella, Santa Domenica Talao, Santa Maria del Cedro, Scalea, Tortora, Verbicaro.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Cruthaíonn dathúchán, cruth agus raimhre an chraicinn teaglaim uathúil atá nasctha go dlúth leis an ithir agus le tosca aeráide araon atá tipiciúil maidir le cósta Thoirian de chúige Cosenza, agus leis an ngné dhaonna.

Bíonn aeráid shéimh sa limistéar táirgthe, áit nach mbíonn an teocht an-chrua, agus ina mbíonn beagán gaoithe ón oirthuaisceart a dtagann fuacht leis: sin iad na coinníollacha is fearr go stairiúil le haghaidh saothrú agus roghnú "Cedro di Santa Maria del Cedro" ón tríú haois. Ina theannta sin, tá na plandálacha ciotróin lonnaithe ar thalamh ag a bhfuil saintréithe ithreach uathúla nach bhfuil i limistéir eile, ina gcuimsítear ithreacha gláracha measctha nach bhfuil aolchloch ná cnámharlach (clocha nó gairbhéal) flúirseach iontu agus a bhfuil soláthar maith gainimh agus húmais iontu. De thoradh a thionscnaimh, tá eilimintí i bhfoirm mhianrach sa talamh, potaisiam agus nítrigin go sonrach, a chiallaíonn go bhfuil sé go háirithe torthúil agus oiriúnach chun ciotrón a fhás.

A mhéid a bhaineann le ceanglais ithreach agus aeráide, ní tharlaíonn timthriall bitheolaíoch an phlanda ach amháin os cionn 14 °C agus ní féidir leis teochtaí níos airde ná 35-40 C a sheasamh; cuireann athruithe tobann teochta agus sruthanna aeir fhuar an gheimhridh isteach air dá bhrí sin, rud a tharlaíonn fós ag na domhanleithid i ndeisceart na hIodáile. Cuireann geimhreadh crua agus sioc isteach air. Tá an baol ann ag 0 °C go gcuirfí an táirgeadh iomlán i mbaol agus is leor teochtaí gar do -4 °C mar shiocair leis an bplanda bás a fháil. Is ann do na dálaí sin i limistéar Riviera dei Cedri, áit ina bhfuil gnáthóg den scoth don chineál sonrach ciotróin sin fás agus forbairt.

Ráthaítear na dálaí aeráide sin le suíomh sléibhtiúil uathúil an limistéir, atá iata idir Orsomarso massif agus cósta Thoirian, agus atá, dá réir sin, faoi thionchar na farraige, a bhfuil éifeacht shuntasach mhaolaitheach aici agus atá mar shiocair ag dhá fheiniméin mhóra: laghdú ginearálta ar an raon teochta agus méadú ar leibhéal bogthaise an atmaisféir.

Tagann na dálaí casta uathúla sin, a mhéid a bhaineann le tionscnamh agus le saintréithe na hithreach agus cineál ar leith na haeráide araon, le chéile chun timpeallacht shonrach a chruthú nach bhfuil in aon áit eile agus a mbíonn tionchar nádúrtha aici ar shaintréithe an táirge agus a shainíonn iad.

Ní mór an ghné dhaonna a chur san áireamh mar ghné a raibh tionchar aici ar shainiúlacht an táirge: thar na céadta bliain, bhí tionchar ag iargúltacht gheografach an limistéir ar an traidisiún agus ar an gcultúr feirmeoireachta áitiúil, a forbraíodh go hiomlán neamhspleách ar na traidisiúin agus ar na cleachtais fáis níos forleithne.

Is teicníc thipiciúil a mbaintear úsáid aisti i limistéar táirgthe "Cedro di Santa Maria del Cedro" a bhfuil tionchar aici ar chuma an táirge (easpa míchumaí nó scoilteanna sa chraiceann) é an cleachtas ina dtugtar cosaint do na ciotróin trí théastar cosanta nó pergolato, mar a thugtar air, a chur timpeall ar na crainn. D'uireasa na cosanta sin, bheadh gluaiseacht na gaoithe thar a bheith díobhálach don bharr toisc go mbuailfeadh na torthaí agus na brainsí agus na sceacha in aghaidh a chéile, rud a chruthódh loit sa chraiceann, agus dhéanfadh na blátholaí, a d'úscfadh as na faireoga ola pléasctha, é a chreimeadh agus gheobhadh an barr bás dá bharr. Maolaítear na rioscaí sin trí "Cedro di Santa Maria del Cedro" a chosaint ón ngaoth le pergolato, rud a thugann cosaint freisin do na torthaí ó aimsir chrua an gheimhridh agus a laghdaíonn an nochtadh do sholas na gréine, agus an baol go ndófaí iad. Cuidíonn an cleachtas sin chun an dath agus an lonrach sainiúil a thabhairt do chraiceann "Cedro di Santa Maria del Cedro", lena bhféadfar é a shainaithint go héasca ó ciotróin a fhástar "amuigh faoin aer" in áiteanna eile (an Ghréig, Iosrael, Pórtó Ríce).

Mar thoradh ar roghnú leanúnach na bplandaí agus a n-iomadú trí ghearrthóga, is féidir na saintréithe géiniteacha cáilíochtúla agus cainníochtúla, a bhfuil cáil ar "Cedro di Santa Maria del Cedro" inniu ina leith, a bhunú amhail an dath sainiúil, an craiceann mín tathagach atá glan ó scríoba, scoilteanna nó clogadh, agus méid suntasach ailbéideachta (íosmhéid 51 % i dtrasghearradh airmheánach na dtorthaí), a chiallaíonn go bhfuil sé oiriúnach go háirithe le haghaidh criostalaithe. Tá an chuid is mó den toradh san ailbéideacht agus é comhdhéanta go príomha as peictin (30-35 %). Bíonn tionchar ag tosca eisigineacha, go háirithe ag dálaí ithreach agus aeráide ar léiriú na saintréithe sin.

Is é an uair is mó a bhíonn mianraí ag teastáil ón ailbéideacht ná le linn chéimeanna théachtadh torthaí an ciotróin i.e. ó stopann na torthaí ag bláthú go dtí go n-aibíonn siad: ag an gcéim feineolaíochta sin, atann an t-ubhagán ar dtús, méadaíonn na torthaí ansin agus cruthaítear líonra casta ceall paireincíomach agus spásanna móra – a líontar le táirgeadh peictine níos déanaí - faoin eipeacarp. Áirithíonn an soláthar iomchuí siúcraí ó na duilleoga agus cothaitheach ón ithir foirmiú na peictine agus cáilíocht agus raimhre na hailbéideachta dá bharr.

Tá neart mianraí, amhail sinc (Zn), maignéisiam (Mg), bórón (b), cailciam (Ca), sulfar (S) agus molaibdéineam (Mo), mar chuid de mheitibileacht na peictine (Verreynne, 2006). Tá potaisiam agus maignéisiam go háirithe mar chuid dhíreach de phróisis na fótaisintéise is gá le haghaidh táirgeadh siúcraí sna duilleoga agus a dtrasghluaiseacht sna torthaí; le linn théachtadh na dtorthaí, cuirtear méadú ar mhéid, ar thiús agus ar raimhre an chraicinn chun cinn leis na gnéithe sin. Is príomhghné eile é cailciam maidir le struchtúr agus raimhre na hailbéideachta i dtorthaí citris, go háirithe i ciotróin, a bhíonn ag teastáil, i méideanna beaga (< 30 mg), chun na slabhraí peictine a thrasnascadh, agus an t-ailbéideo a dhéanamh teann.

Tá dálaí na hithreach ina gcuirtear crainn ciotróin "Cedro di Santa Maria del Cedro" i gcomhréir le riachtanais chothaitheacha an chineáil seo, mar a léiríonn saothar Loizzo et al. (2011) agus Calabretta et al. (2010). Dar leis na húdair sin, tá leitheadúlacht macrachothaitheach amhail nítrigin, potaisiam, fosfáití agus maignéisiam, agus méideanna beaga carbónáití cailciam, mar shaintréithe ag an ithir i saothrú ciotróin "Cedro di Santa Maria del Cedro". Ní féidir teacht ar na saintréithe sin in ithreacha comharsanacha eile. Thuairiscigh na húdair chéanna comhchoibhneas láidir agus suntasach chomh maith idir dálaí cothaitheacha na gcrann ciotróin agus tomhais na dtorthaí a fhásann siad, go háirithe maidir le méid, fás agus cruas na hailbéideachta.

Go stairiúil, tagann na chéad chuntais maidir le húsáid an ainm "Cedro di Santa Maria del Cedro" ón seansaol, agus iad caomhnaithe i ndoiciméid stairiúla agus bhibleagrafacha agus i gcomhfhreagras tráchtála. Is féidir teacht ar úsáid an ainm "Cedro di Santa Maria del Cedro" i ndoiciméid thráchtála agus sa ghnáthchaint. Is féidir teacht air i mbiachláir na mbialann ar Riviera dei Cedri agus i ngach áit eile ina bhfuil meas ar "Cedro di Santa Maria del Cedro" mar chomhábhar i miasa éagsúla. Tá an t-ainm "Cedro di Santa Maria del Cedro" bainteach lena saintréithe sainiúla do dhaoine den phobal i gcoitinne agus do chócairí agus do bhlagálaithe bia araon. Tá go leor tagairtí i bhfoilseacháin chomh maith, lena n-áirítear foilseacháin eolaíochta agus amaitéaracha, do gheilleagar agus do stair Riviera dei Cedri.

Is minic a bhaintear úsáid as an ainm "Cedro di Santa Maria del Cedro" in ábhar de chuid na meán ar líne, taighde, líonraí sóisialta, suíomhanna gréasáin institiúideacha agus amaitéaracha agus tairseacha bia, chomh maith le suíomhanna gréasáin a bhaineann le blaganna cócaireachta agus bia.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Tá téacs iomlán na sonraíochta táirge le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas:

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335

trí dhul go díreach chuig leathanach baile Bheartas na hAireachta um Thalmhaíocht, Bia, Foraoiseacht agus Turasóireacht (www.politicheagricole.it,) agus cliceáil ar "Qualità" agus ansin ar "Prodotti DOP IGP STG" (ar thaobh na láimhe clé den scáileán) agus ar deireadh ar "Disciplinari di Produzione all'esame dell'UE".